C/2024/3673

26.6.2024

Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún – Cosaint an daonlathais

(C/2024/3673)

Rapóirtéir ginearálta:	József KÓBOR (HU/EA), Comhalta de Thionól Áitiúil: Rialtas Áitiúil Pécs a bhfuil cearta contae aige
Doiciméid tagartha:	Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Cosaint an Daonlathais COM(2023) 630 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1024/2012 agus (AE) 2018/1724 a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe a leagtar síos le Treoir (AE) XXXX/XXXX COM(2023) 636 Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ceanglais chomhchuibhithe sa mhargadh inmheánach maidir le trédhearcacht na hionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 COM(2023) 637 Moladh (AE) 2023/2829 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2023 maidir le próisis thoghchánacha chuimsitheacha athléimneacha san Aontas agus feabhas a chur ar an ngné Eorpach agus ar stiúradh éifeachtúil na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa C(2023) 8626 Moladh ón gCoimisiún maidir le ról gníomhach agus rannpháirtíocht éifeachtach na saoránach agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta sna próisis ceaptha beartas poiblí a chur chun cinn C(2023) 8627

MOLTAÍ I LEITH NA mBEARTAS

SEO SEASAMH CHOISTE EORPACH NA RÉIGIÚN (CnaR),

Barúlacha ginearálta

1. Seasann CnaR leis gur gá prionsabail, luachanna agus institiúidí daonlathacha a chosaint go dícheallach ar an uile leibhéal mar is orthusan a bhraitheann cobhsaíocht, slándáil agus rathúnas an Aontais Eorpaigh. Tugann sé dá aire go bhfuil réamhriachtanais sheachtracha ann nach mór a chomhlíonadh chun na luachanna sin a chosaint. Áirítear orthu sin an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta, agus leanúnachas an ghnáthchaidrimh eacnamaíoch agus pholaitiúil ar an domhan seo againn. Ní bhíonn an bua ag an daonlathas tráth cogaidh, ní bhíonn an bua ag an daonlathas tráth bochtaineachta agus éiginnteachta, is ní bhíonn an bua ag an daonlathas tráth atá eagla ar dhaoine faoina bhfuil i ndán dóibh. Ós mar sin atá, fágtar go bhfuil freagracht ar leith orthu siúd atá i gceannas ar an Aontas Eorpach, lena n-áirítear an Coimisiún Eorpach agus rialtais na mBallstát.

2. Cosnaíonn CnaR an smacht reachta, an comhionannas faoin dlí agus scaradh na gcumhachtaí, arb iad sin bonn an daonlathais agus an *acquis communautaire* ar a bhfuil an tAontas bunaithe.

3. Is díol sásaimh do CnaR go bhfuil obair faoi bhealach ar na bearta a cuireadh chun cinn sa Phlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach, rud a chuidíonn le hathléimneacht dhaonlathach a neartú trí shláine na dtoghchán a chur chun cinn, trí shaoirse agus iolrachas na meán a chosaint, agus trí neartú a dhéanamh ar an gcomhrac i gcoinne na bréagaisnéise, na hionramhála agus an chur isteach eachtraigh ar fhaisnéis.

4. Creideann CnaR gur réamhriachtanais bhunúsacha iad córais agus próisis láidre thoghchánacha, agus an srian is mó is féidir ar an gcur isteach orthu, má tá daonlathais le teacht i mbláth. San am céanna, teastaíonn ó na saoránaigh go mbeadh ardchaighdeáin ionracais ag oifigigh phoiblí. Tá foláireamh á thabhairt aige go ndéanann cásanna éillithe ar leibhéal an Aontais dochar as cuimse do mhuinín an phobail as institiúidí an Aontais.

5. Tacaíonn CnaR go mór le gach uile iarracht a dhéantar chun daonlathas na hEorpa a chothú, a chosaint agus a neartú, agus chun a chur ar chumas na sochaithe agus na n-údarás poiblí aghaidh a thabhairt ar na gnáthbhagairtí seachtracha a bhíonn ann ar an bpróiseas daonlathach.

6. Measann CnaR go n-imríonn scaradh na gcumhachtaí ról ríthábhachtach maidir le feidhmiú an daonlathais. Tá sé chomh tábhachtach céanna go léireodh ionadaithe poiblí ceannaireacht, agus go ndéanfaidís iad féin a iompar le dínit agus le hionracas. Ar an gcuma seo, leagann CnaR béim ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh na hionadaithe sin rannpháirtíocht a chothú go gníomhach agus freastal go dícheallach ar leas an phobail, agus a n-iarrachtaí á gcur i gcomhréir le mianta agus riachtanais na saoránach ar a bhfreastalaíonn siad.

7. Agus an timpeallacht slándála atá ann faoi ag athrú go tapa, tugann CnaR dá aire gur cheart bearta ar leith a dhéanamh go pras agus go héifeachtúil chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann roimh luachanna agus institiúidí daonlathacha, cuir i gcás, an polarú, tionchar ceilte agus cur isteach eile, sin agus foréigean agus fuathchaint i gcoinne ionadaithe tofa.

8. Creideann CnaR gur ceart de chuid na saoránach é easaontú agus an rialtas a athrú i dtoghcháin, saor ó chur isteach, idir chur isteach eachtrach agus chur isteach intíre.

9. Tugann CnaR le fios gur chleachtadh tábhachtach a bhí sa Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, ach nach bhfuil conclúidí na Comhdhála curtha chun feidhme go fóill.

10. Tacaíonn CnaR go mór le malartú taithí agus le scaipeadh dea-chleachtas chun an daonlathas a neartú san Aontas.

11. Tá sé á chur in iúl ag CnaR go bhfuil saineolas ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a mhéid a bhaineann leis na bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann do shláine na bpróiseas daonlathach a bhrath agus cleachtais dhaonlathacha a neartú i measc an phobail. Tugann sé le fios freisin go gcuidíonn na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha le daonlathas na hEorpa a neartú sa chaoi a ndéanann siad rannpháirtíocht na saoránach sa saol poiblí a chur chun cinn agus a éascú, mar is mó páirt a ghlactar sna toghcháin Eorpacha, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla mar thoradh air sin. Is ar éigean a aithnítear ról sin na n-údarás áitiúil agus réigiúnach sna tionscnaimh a chuirtear i láthair ar leibhéal an Aontais chun daonlathas na hEorpa a neartú, áfach, rud ar cúis díomá do CnaR é.

12. Iarrann CnaR an athuair go gcuirfí buansásra áitbhunaithe ar bun i leith idirphlé leis na saoránaigh, le tacaíocht ó na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, d'fhonn cumarsáid sa dá bhealach idir na saoránaigh agus institiúidí an Aontais a chinntiú.

Próisis thoghchánacha chuimsitheacha athléimneacha a chur chun cinn

13. Tá CnaR den tuairim gur cheart na caighdeáin ab airde dhaonlathacha a chur i bhfeidhm i leith próisis thoghchánacha chuimsitheacha athléimneacha san Aontas. Tacaíonn sé freisin leis na tionscnaimh sin atá dírithe ar inrochtaineacht na dtoghchán agus ar an rannpháirtíocht pholaitiúil a mhéadú i bhfad roimh na toghcháin féin.

14. Tacaíonn CnaR leis an uile iarracht a dhéantar chun gurbh fhearr fós gné Eorpach agus stiúradh éifeachtúil na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa, chun go spreagfaí na saoránaigh le vóta a chaitheamh, agus chun gurbh fhusa dóibh na cearta eile toghchánacha atá acu a fheidhmiú.

15. Tá CnaR den tuairim gur den ríthábhacht a áirithiú go gcinnteofaí sna dlíthe toghcháin go mbeadh rannpháirtíocht agus ionadaíocht ní b'fhearr ann ar an leibhéal áitiúil.

16. Tugann CnaR dá aire an príomhról atá ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha maidir le saorthoghcháin chóra athléimneacha a chothú i mBallstáit an Aontais.

17. Tá CnaR ag iarraidh go gcuirfí le hathléimneacht na bpróiseas toghchánach, agus go ndéanfaí é sin i gcomhréir go hiomlán leis na cearta bunúsacha agus na luachanna daonlathacha a chumhdaítear sna caighdeáin atá ann ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.

18. Aithníonn CnaR an fhreagracht ar leith atá ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha maidir leis an timpeallacht faisnéise a chosaint nuair a bhíonn toghcháin ar bun trína chinntiú go gcuirtear faisnéis ar fáil do na vótálaithe go tráthúil, agus an fhaisnéis sin ceart, inrochtana agus intuigthe, agus trí aghaidh a thabhairt ar an ionramháil ar fhaisnéis, ar an gcur isteach ar fhaisnéis agus ar an mífhaisnéis, i gcomhar le geallsealbhóirí eile.

19. Is mian le CnaR a chur i bhfáth a thábhachtaí atá na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha maidir le faisnéis a chur ar fáil do gach grúpa saoránach, lena n-áirítear daoine óga agus saoránaigh leochaileacha, amhail daoine faoi mhíchumas agus daoine a labhraíonn teangacha mionlaigh, maidir leis na rialacha bunúsacha agus na socruithe praiticiúla atá ann ó thaobh fheidhmiú a gceart toghchánach de. Bíonn ról an-tábhachtach acu freisin a mhéid a bhaineann lena chinntiú nach gcuirfear deireadh leis na modhanna traidisiúnta vótála ina dtíortha féin.

20. Aithníonn CnaR an ról ríthábhachtach atá ag an gcomhionannas inscne maidir le hathléimneacht dhaonlathach a neartú, cuir i gcás trí thionscnaimh a chur ar aghaidh a thacaíonn le rannpháirtíocht chomhionann na mban sa phróiseas toghchánach, mar vótálaithe agus mar iarrthóirí araon, agus trí bhéim a leagan ar a thábhachtaí atá beartais lena dtugtar aghaidh ar na bacainní ar rannpháirtíocht pholaitiúil na mban.

21. Is cúis áthais do CnaR na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun an comhar agus malartú dea-chleachtas a neartú i réimse na hathléimneachta daonlathaí agus toghchánaí ar an leibhéal Eorpach, lena n-áirítear iad siúd atá á ndéanamh ag an líonra comhair Eorpach um thoghcháin. Is trua leis, áfach, nach ndearnadh an ghné áitiúil agus an ghné réigiúnach a ionchorprú go leordhóthanach sa chomhar sin, go háirithe agus é d'aidhm ag an líonra na toghcháin ar gach leibhéal a chosaint. Iarrann sé, dá bhrí sin, go ndéanfaí seisiún den líonra a thiomnú do na toghcháin áitiúla agus réigiúnacha a chosaint.

22. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar fhaisnéis a sheoladh chuig saoránaigh ó dhúchas agus saoránaigh eadóirsithe an Aontais Eorpaigh a bhfuil cónaí orthu i dtríú tíortha chun go mbeidh siad rannpháirteach go cuí i dtoghcháin a bhíonn ar siúl san Eoraip.

Rannpháirtíocht na saoránach i gceapadh beartas poiblí a chur chun cinn

23. Spreagann CnaR rannpháirtíocht chuimsitheach agus éifeachtach na saoránach, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus chosantóirí chearta an duine sna próisis ceaptha beartas poiblí.

24. Tugann CnaR dá aire go bhfuil príomhról ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha maidir le rannpháirtíocht dhaonlathach leathan agus chuimsitheach a chothú, sin agus maidir le timpeallacht thacúil chuimsitheach a áirithiú ina bhfuil an deis ag na saoránaigh a bheith rannpháirteach go héifeachtach.

25. Aithníonn CnaR cé chomh tábhachtach agus atá réitigh dhigiteacha chun rannpháirtíocht an phobail a fheabhsú. Aithníonn sé freisin, áfach, nach mór rannpháirtíocht daoine ar an láthair a chinntiú i gcónaí, i gcás inarb ábhartha.

26. Tugann CnaR dá aire a thábhachtaí atá sé rannpháirtíocht daoine óga sa saol daonlathach san Aontas a neartú agus, chuige sin, tá aird á tarraingt aige ar na moltaí comhpháirteacha ó Choiste Eorpach na Réigiún agus ó Fhóram Eorpach na nÓg a áirítear sa Chairt um an Óige agus um an Daonlathas. Tá sé á thabhairt chun suntais ag CnaR, freisin, an ról atá ag Comhairlí áitiúla na nÓg mar ardáin ríthábhachtacha chun daoine óga a mhealladh isteach i rialachas daonlathach agus i bpróisis chinnteoireachta. Meabhraíonn sé gur iarr sé ar na Ballstáit a ndianmhachnamh a dhéanamh ar an aois vótála a ísliú go dtí 16 bliana d'aois do na toghcháin áitiúla agus réigiúnacha uile san Eoraip, agus gur iarr sé go ndéanfaí sonraí agus malartú eolais a chur ar fáil maidir le tionchar na socruithe institiúideacha ar rannpháirtíocht pholaitiúil na n-óg, cuir i gcás maidir leis an aois íosta chun vóta a chaitheamh agus seasamh i dtoghchán ([1]).

27. Dar le CnaR, baineann tábhacht ar leith le próisis rannpháirtíochta na saoránach inar féidir le daoine den phobal cinneadh a dhéanamh cén chaoi a n-úsáidfear cuid den bhuiséid poiblí, trí thionscadail caiteachais phoiblí tosaíochta a shainaithint. Is rud é an buiséadú rannpháirtíochta a neartaíonn an daonlathas, a chothaíonn pobail láidre agus a chinntíonn dáileadh níos cothroime acmhainní poiblí.

28. Tá sé á chur i bhfáth ag CnaR go mbaineann tábhacht thar na bearta leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus iad ar cheann de chlocha coirnéil fheidhmiú an daonlathais iad. Bíonn iarrachtaí ar bun acu ní hamháin na saoránaigh a spreagadh le bheith rannpháirteach go gníomhach i bpróisis ceaptha beartas poiblí, ach é a chur ar chumas acu é sin a dhéanamh ar bhealaí éagsúla chomh maith, mar shampla painéil, idirphlé nó tionóil le haghaidh na saoránach, bídís ar líne nó as líne.

([1]) Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún – Todhchaí bheartas na hóige san Aontas Eorpach. Machnamh ar bheartas na hóige agus ar phríomhshruthú na hóige i gcomhthéacs Bhliain Eorpach na hÓige 2022 (IO C 79, 2.3.2023, lch. 30).

29. Tuigeann CnaR gur cuid den urraim don smacht reachta é eagraíochtaí na sochaí sibhialta a thabhairt isteach san obair. Aithníonn sé gcinntítear rannpháirtíocht éifeachtach chuimsitheach na n-eagraíochtaí sin nuair is féidir leo oibriú i dtimpeallacht shábháilte ina n-urramaítear a gcearta bunúsacha chomh maith le cearta bunúsacha na mball féin.

30. Tá sé á chur i bhfáth ag CnaR go bhfuil sé ríthábhachtach feasacht a mhúscailt maidir le dea-shamplaí de rannpháirtíocht na saoránach sna réimsí is tábhachtaí dóibh chun tuilleadh rannpháirtíochta i bhforbairt beartais a spreagadh i measc saoránach. Ina fhianaise sin, is mian le CnaR aird a thabhairt ar Choinbhinsiún Aarhus a ghlac Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip. Is páirtithe sa Choinbhinsiún sin an tAontas Eorpach, faoina shainchúram, mar aon leis na Ballstáit ar fad. Ráthaítear leis sin cearta nós imeachta an phobail, lena n-áirítear rannpháirtíocht an phobail i nósanna imeachta cinnteoireachta maidir leis an gcomhshaol, rud a thugann guth do na saoránaigh agus spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip á gcur i gcrích.

31. Tá sé á chur i bhfáth ag CnaR gur tábhachtach acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha. Tá tábhacht freisin le maoiniú poiblí agus príobháideach le haghaidh eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Is cúis áthais do CnaR go gcuireann an Coimisiún Eorpach deiseanna cistiúcháin ar fáil do na húdaráis sin agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun gur féidir leo tionscadail a chur chun feidhme a chabhraíonn le luachanna an Aontais a chothú. Chuige sin, tá béim á leagan aige ar a thábhachtaí atá Straitéisí Aontas an Chomhionannais de chuid an Aontais Eorpaigh.

32. Iarrann CnaR ar na hinstitiúidí Eorpacha treise a chur le rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, chomh maith lena mbrateagraíochtaí Eorpacha agus náisiúnta, agus an rannpháirtíocht sin a chomhdhlúthú.

33. Tá CnaR fós tiomanta treise a chur leis an gcumarsáid idir institiúidí an Aontais, na pobail áitiúla agus na saoránaigh trí bhíthin Líonra Eorpach na gComhairleoirí Réigiúnacha agus Áitiúla, i dteannta an tionscadail ón gCoimisiún Eorpach 'An Eoraip a thógáil i gcomhar le Comhairleoirí Áitiúla', agus freisin trí idirphlé a eagrú ar an leibhéal áitiúil agus na Polaiteoirí Tofa Óga a thabhairt isteach i ngníomhaíochtaí CnaR.

34. Iarrann CnaR go mbeidh na saoránaigh rannpháirteach i gceapadh agus/nó i modhnú na mbeartas poiblí Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Tá rannpháirtíocht na saoránach sa phróiseas sin ríthábhachtach chun go nglacfar le beartais den chineál sin. Mura mbeidh an pobal rannpháirteach agus na beartais á n-ullmhú ag an tús, d'fhéadfadh sé go ndiúltófaí na beartais sin a chur chun feidhme.

Trédhearcacht na ngníomhaíochtaí ionadaíochta leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha

35. Tá CnaR ag tathant ar Pharlaimint na hEorpa agus ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh measúnú críochnúil a dhéanamh ar an Treoir atá beartaithe agus leasuithe riachtanacha a mholadh lena n-urramaítear na cearta bunúsacha agus na luachanna daonlathacha ina n-iomláine.

36. Tugann CnaR dá aire go bhfuil an sainmhíniú atá tugtha ar an rud is gníomhaíocht ionadaíochta leasa ann measartha doiléir. Ina fhianaise sin, ní mór an cur chuige is mó cuimsitheacht, ginearáltacht, neodracht (saor ó idé-eolaíocht), agus praiticiúlacht a chur i bhfeidhm chun gur soiléir céard is ionadaíocht leasa ann agus chun gur coincheap trédhearcach a bheidh inti. Is léir nach mór d'aon duine a théann isteach sa spás poiblí é nó í féin a chur in iúl agus a bheith trédhearcach.

37. Tá rabhadh á thabhairt ag CnaR faoin gcaoi a gcaitear ar bhealach difriúil sa togra atá i gceist le gníomhaíochtaí eacnamaíochta ionadaíochta leasa ag brath ar cé acu a dhéantar iad thar ceann eintitis tríú tír nó eintitis eagraíochtaí iltaobhacha, ar cheart a n-acmhainneacht pholaitiúil agus eacnamaíoch agus an ionadaíocht leasa orthu a bheith lasmuigh den Aontas Eorpach den chuid is mó.

38. Tá imní ar CnaR faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an Treoir, is é sin go bhféadfadh iarmhairtí neamhbheartaithe agus díréireacha (le haghaidh eintitis a fhaigheann cistiú eachtrach) gabháil léi agus go ligfí na fíorbhagairtí ar an daonlathas tharainn.

39. Tá rabhadh á thabhairt ag CnaR gur den ríthábhacht é go gcuirfear caighdeáin trédhearcachta i bhfeidhm do chách, caighdeáin a bheidh inchosanta agus comhréireach. San am céanna, ní mór dúinn a bheith ar ár n-aire faoi na héifeachtaí carnacha a d'fhéadfadh a bheith ag an Treoir atá beartaithe i gcodanna eile den domhan.

40. Cáineann CnaR aon teorannú míchuí ar shaoirsí bunúsacha agus srianta leis an spás sibhialta agus polaitiúil de shárú ar an dlí um chearta an duine, lena n-áirítear 'dlíthe gníomhaire eachtraigh', dá ngairtear.

41. Measann CnaR go bhféadfadh an cuspóir maidir le trédhearcacht a mhéadú a bheith ina chúis sháraitheach ar mhaithe le leas an phobail a mhéid a bhaineann leis an tacaíocht airgeadais a thugtar d'eagraíochtaí áirithe de chuid na sochaí sibhialta, is é sin le rá na heagraíochtaí sin a bhfuil tionchar mór acu ar an saol poiblí agus ar an idirphlé poiblí de thoradh chuspóir na heagraíochta féin agus na n-acmhainní atá faoina réir aici. Mar sin féin, níor cheart srianta a fhorchur ach amháin má tá aidhm dhlisteanach leo, cuir i gcás, an tslándáil náisiúnta, an tslándáil phoiblí nó an t-ord poiblí. Thairis sin, níor cheart dochar a dhéanamh le srian ar bith do chosaint na leasanna sin. Ar deireadh, ba cheart dul i muinín an chur chuige is lú cur isteach ar chur i gcrích an chuspóra inmhianaithe ([2]).

([2]) Féach C-78/18 le haghaidh sampla.

Conclúid

42. Is díol sásaimh do CnaR na tograí ón gCoimisiún chun na saoránaigh a thabhairt isteach sa phróiseas toghchánach, chun feabhas a chur ar an muinín atá ag an bpobal i dtoghcháin agus chun beartais a shaothrú lena gcuirtear ar chumas comhlachtaí áitiúla agus réigiúnacha agus ar chumas na saoránach a bheith rannpháirteach san idirphlé poiblí agus i gceapadh beartas poiblí.

43. Is mian le CnaR béim a leagan ar an ról lárnach atá ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha i gcosaint dhaonlathas na hEorpa, mar is cuid den chóras daonlathach san Eoraip iad nach bhféadfaí déanamh dá huireasa, á chur san áireamh nach mór cinntí a ghlacadh ar an leibhéil is cóngairí is féidir don saoránach, mar a shonraítear in Airteagal 10(3) CAE.

44. Tá CnaR ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach tús áite a thabhairt don chomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha chun an daonlathas a chosaint ar bhealach éifeachtach san Aontas, agus prionsabal na coimhdeachta agus an smacht reachta á n-urramú agus á gcur chun cinn san am céanna.

An Bhruiséil, 17 Aibreán 2024.

An tUachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Vasco ALVES CORDEIRO